AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.3.2022
COM(2022) 79 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE i dtaca le leasú ar Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE

(Rannpháirtíocht Stáit LEE CSTE sa Ghrúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe)

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE

lena leasaítear Iarscríbhinn IX (Seirbhísí Airgeadais) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí ó thaobh na hinbhuanaitheachta de san earnáil airgeadais[1] atá le ionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088[2] atá le atá le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn IX agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 31nb (Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1851 ón gCoimisiún) d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE:

'31o. **32019 R 2088**: Rialachán (AE) 2019/2088 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir le nochtaí i dtaobh le cúrsaí inbhuanaitheachta san earnáil airgeadais (IO L 317, 9.12.2019, lch. 1) mar a leasaítear le:

- 32020 R 0852: Rialachán (AE) Uimh. 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 18 Meitheamh 2020 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) A mhéid a bhaineann le Stáit CSTE, beidh feidhm ag na maoluithe a leagtar amach in Airteagal 4(3) agus (4) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh ó Chomhchoiste LEE Uimh..../... [an chinnidh seo] nó ó dháta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí dar gcionn.

(b) In Airteagal 20, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

[1] IO L 317, 9.12.2019, lch. 1.
[2] IO L 198, 22.6.2020, lch. 13.

(a) sa dara mír, léitear na focail ‘ón 10 Márta 2021’ mar “ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... an [chinnidh seo] ó LEE nó dáta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin’;

(b) sa tríú mír, léitear na focail ‘ón 1 Eanáir 2022” mar “ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Chomhchoiste LEE Uimh..../... an [chinnidh seo] nó dáta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin’.

31p. 32020 R 0852: Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 (IO L 198, 22.6.2020, lch. 13).

Léifear forálacha an Rialacháin, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

(a) In Airteagal 13(1)(d), cuirtear ‘Comhaontú LEE” in ionad “dlí an Aontais’.

(b) In Airteagal 27(2), léitear maidir le Stáit CSTE, léitear na focail ‘ón 1 Eanáir 2022 ar aghaidh’ mar ‘ó dháta theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh..../... an [chinnidh seo] de chuid LEE nó dáta arna ainmniú faoin dlí náisiúnta tráth nach déanaí ná 12 mhí ina dhiaidh sin’.’

Airteagal 2

Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i bPrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

‘43. Grúpa Saineolaithe na mBallstát maidir le Maoiniú Inbhuanaithe (Rialachán (AE) 2020/852).’

Airteagal 3

Is téacsanna barántúla a bheidh i Rialacháin (AE) 2020/852 agus (AE) 2020/852 san Íoslainnis agus san Ioruais, rud atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE*.

Airteagal 5

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
[...]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

Rúnaithe
Chomhchoiste LEE
[...]